

12 Márta 2020

A thuismitheoir, a chaomhnóir a chara,

Tá súil agam go bhfuil tú i mbarr do shláinte.

Mar is eol duit ag an bpointe seo, ag cloí le treoirlínte an rialtais, beidh an scoil dúnta **ó inniu ar aghaidh 12 Márta 2020 go dtí an Luain 30 Márta 2020**. Mar pháirt de phlean chriticiúil na scoile, bhí foireann na scoile ag ullmhú ina leith seo chun a chinntiú go leanann an fhoghlaim ar aghaidh lasmuigh de shuíomh na scoile. Tá sé rí-thábhachtach go nglacfadh scoláirí freagracht as a gcuid foghlama agus dul i ngleic leis an bplean teagaisc agus foghlama atá leagtha síos dóibh.

Ag an tráth seo:

- Tá plé déanta agus treoracha tugtha do gach scoláire i leith foghlaim ar líne.
- Rinneadh cinnte go bhfuil fáil ag gach scoláire ar ainm úsáideora agus pasfhocal chun úsáid a bhaint as ár gcóras ar líne.
- Tá ullmhúcháin déanta ag gach múinteoir chun a chinntiú go leanann an fhoghlaim ar aghaidh
- Is féidir úsáid a bhaint as fón póca chun fáil a bheith ag scoláirí ar an gcóras ar líne.

Beidh múinteoirí ar fáil trí ríomhphost agus / nó tríd an gcóras ar líne le linn na tréimhse seo. Iarrtar ar scoláirí **bhlianta 1, 2 & 4** cloí le gnáth amchlár na scoile. Tá sé tábhachtach go leanann siad treoracha an mhúinteora maidir le hobair ranga a uaslódáil agus a roinnt leo go leanúnach.

Tá amchlár nua leagtha amach agus tugtha do scoláirí **bhliain 3 & 5** chun a chinntiú go leanann an fhoghlaim ar aghaidh le tacaíocht a gcuid múinteoirí. Iarrtar ar na scoláirí cloí leis an amchlár seo agus an deis a thapú chun staidéar a dhéanamh le linn na tréimhse seo. Beidh fáil ag na scoláirí ar a gcuid múinteoirí trí an gcóras ar líne maraon le ríomhphost an mhúinteora. Beidh aiseolas rialta á thabhairt ag múinteoirí dom féin maidir le rannpháirtíocht na scoláirí sna hábhair ar fad. Is ionann é seo agus córas timrimh na scoile.

Coinneoidh mé suas chun dáta sibh i leith aon athruithe / eolas a thagann ón roinn. Tuigean muid gur am imníoch é seo do thuismitheoirí / caomhnóirí, do scoláirí agus do fhoireann na scoile. Faigheann ár scoláirí agus foireann na scoile tús áite i gconaí fhad a bhaineann sé le cúrsaí sláinte agus sábhailteachta.

Ag guí beatha agus sláinte daoibh ar fad.

Le gach dea-ghuí,

Máirín Ní Mhainnín

Príomhoide